Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**13388/25**
**ADD 2**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0305 (NLE)**

**AGRI 454**
**FAO 45**
**ENV 911**
**RGA 5**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 29 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 564 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>gCINNEADH ón gCOMHAIRLE<br>lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Chomhlacht Rialaithe an Chonartha Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht a mhéid a bhaineann le tograí áirithe arna gcur isteach lena nglacadh le linn an 11ú seisiún |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 564 annex.

---

Faoi iamh: COM(2025) 564 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.9.2025
COM(2025) 564 final

ANNEX 2

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**gCINNEADH ón gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Chomhlacht Rialaithe an Chonartha Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht a mhéid a bhaineann le tograí áirithe arna gcur isteach lena nglacadh le linn an 11ú seisiún**

**Iarscríbhinn II**

**DRÉACHT-CHOMHAONTÚ CAIGHDEÁNACH ATHBHREITHNITHE MAIDIR LE hAISTRIÚ ÁBHAR**

## 1. COMHAONTÚ CAIGHDEÁNACH MAIDIR LE hAISTRIÚ ÁBHAR

**BROLLACH**

DE BHARR AN MHÉID SEO A LEANAS

Tugadh an Conradh Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht (dá ngairtear **'an Conradh'**[(1)] anseo feasta) i gcrích ag an 31ú seisiún de Chomhdháil Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO) an 3 Samhain 2001 agus tháinig sé i bhfeidhm an 29 Meitheamh 2004;

Is iad cuspóirí an **Chonartha** caomhnú agus úsáid inbhuanaithe **Acmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht** agus comhroinnt chothrom agus chothromasach na dtairbhí a eascraíonn as a n-úsáid, i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch, le haghaidh talmhaíocht inbhuanaithe agus slándáil bia;

Tá **Córas Iltaobhach** bunaithe ag na Páirtithe Conarthacha sa **Chonradh**, agus a gcearta ceannasacha ar a n**Acmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht** á bhfeidhmiú acu, chun rochtain ar **Acmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht** a éascú agus chun na tairbhí a eascraíonn as úsáid na n-acmhainní sin a chomhroinnt ar bhealach cóir cothromasach, ar bhonn comhlántach a threisíonn a chéile;

Tugtar aird ar Airteagail 4, 11, 12.4 agus 12.5 den **Chonradh**;

Aithnítear éagsúlacht chórais dlí na bPáirtithe Conarthacha maidir lena rialacha nós imeachta náisiúnta lena rialaítear rochtain ar chúirteanna agus ar eadráin, agus na hoibleagáidí a eascraíonn as coinbhinsiúin idirnáisiúnta agus réigiúnacha is infheidhme maidir leis na rialacha nós imeachta sin;

Foráiltear le hAirteagal 12.4 den **Chonradh** go soláthrófar rochtain éascaithe faoin g**Córas Iltaobhach** de bhun Comhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar, agus ghlac **Comhlacht Rialaithe** an **Chonartha**, i Rún 1/2006 uaidh an 16 Meitheamh 2006, an Comhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar, agus chinn sé é a leasú i Rún [XX]/2025 an [XX] Samhain 2025.

**AIRTEAGAL 1 - PÁIRTITHE SA CHOMHAONTÚ**

1.1 Is é an Comhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar (dá ngairtear '**an Comhaontú seo**' anseo feasta) an Comhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar dá dtagraítear in Airteagal 12.4 den **Chonradh**.

1.2 Déantar **an Comhaontú seo**:

IDIR: (ainm agus seoladh an tsoláthraí nó na hinstitiúide is soláthraí, ainm an oifigigh údaraithe, faisnéis teagmhála don oifigeach údaraithe*) (dá ngairtear '**an Soláthraí**' anseo feasta),

(1) Ar mhaithe le soiléireacht, cuireadh téarmaí sainithe i gcló trom tríd síos.

AGUS: (ainm agus seoladh an tsoláthraí nó na hinstitiúide is faighteoir, ainm an oifigigh údaraithe, faisnéis teagmhála don oifigeach údaraithe*[(2)]) (dá ngairtear '**an Faighteoir**' anseo feasta).

1.3 Comhaontaíonn na Páirtithe sa **Chomhaontú seo** mar a leanas:

**AIRTEAGAL 2 – SAINMHÍNITHE**

Sa **Chomhaontú seo** beidh an bhrí seo a leanas leis na tagairtí a leagtar amach thíos:

***'Cleamhnaí'***: bíonn comhlacht corparáideach amháin cleamhnaithe le comhlacht corparáideach eile más fochuideachta don chomhlacht eile ceann acu, nó más fochuideachtaí den chomhlacht corparáideach céanna iad araon, nó má tá gach ceann acu á rialú ag an duine dlítheanach céanna.

***'Ar fáil gan srian'***: meastar go bhfuil **Táirge** ar fáil gan srian do dhaoine eile le haghaidh tuilleadh taighde agus pórúcháin nuair atá sé ar fáil le haghaidh taighde agus pórúcháin gan aon oibleagáidí dlíthiúla ná conarthacha, ná srianta teicneolaíochta, a choiscfí a úsáid ar an mbealach a shonraítear sa **Chonradh**.

Ciallaíonn ***'tráchtálaigh'*** **Acmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht** a chur ar fáil ar chomaoin airgid ar an margadh oscailte, agus tá bhrí chomhchosúil ag ***'tráchtálú'***. Ní áireofar le **tráchtálú** aon chineál aistrithe **Acmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht atá á Fhorbairt**, ná ní áireofar díol tráchtearraí léi.

Ciallaíonn ***'ábhar géiniteach'*** aon ábhar de bhunadh plandúil, lena n-áirítear ábhar iomadaithe atáirgthe agus fásúil, ina bhfuil aonaid fheidhmiúla oidhreachtúlachta.

Ciallaíonn ***'Comhlacht Rialaithe'*** **Comhlacht Rialaithe** an **Chonartha**.

Ciallaíonn ***'Córas Iltaobhach'*** an **Córas Iltaobhach** arna bhunú faoi Airteagal 10.2 den **Chonradh**.

Ciallaíonn ***'Acmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht'*** aon **ábhar géiniteach** de bhunadh plandúil a bhfuil luach iarbhír nó féideartha aige do bhia agus don talmhaíocht.

Ciallaíonn ***"Acmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht atá á bhForbairt"*** ábhar a dhíorthaítear ón **Ábhar**, agus atá éagsúil leis dá bhrí sin, nach bhfuil réidh fós le haghaidh **tráchtálaithe** agus a bhfuil sé beartaithe ag an bhforbróir tuilleadh forbartha a dhéanamh air nó é a aistriú chuig duine nó eintiteas eile le haghaidh tuilleadh forbartha. Measfar deireadh a bheith tagtha leis an tréimhse forbartha le haghaidh na n**Acmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht atá á bhForbairt** nuair a dhéantar na hacmhainní sin a **thráchtálú** mar **Tháirge**.

Ciallaíonn ***'Táirge'*** **Acmhainn Ghéiniteach Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht** ina n-ionchorpraítear[(3)] an t**Ábhar** nó aon cheann dá pháirteanna

---

(2) Cuir isteach de réir mar is gá. Níl sé infheidhme maidir le Comhaontuithe Caighdeánacha maidir le hAistriú Ábhar crapchlúdach agus clic-chlúdach. Le Comhaontú Caighdeánach 'crapchlúdaigh' maidir le hAistriú Ábhar , áirítear cóip den Chomhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar i bpacáistíocht an Ábhair, agus ciallaíonn glacadh an Fhaighteora leis an Ábhar go nglacann sé le téarmaí agus coinníollacha an Chomhaontaithe Chaighdeánaigh maidir le hAistriú Ábhar. Le Comhaontú Caighdeánach 'clic-chlúdaigh' maidir le hAistriú Ábhar , tugtar an comhaontú i gcrích ar an idirlíon agus glacann an Faighteoir le téarmaí agus coinníollacha an Chomhaontaithe Chaighdeánaigh maidir le hAistriú Ábhar trí chliceáil ar an deilbhín iomchuí ar an suíomh gréasáin nó sa leagan leictreonach den Chomhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar, de réir mar is iomchuí.

géiniteacha nó dá chodanna géiniteacha atá réidh le haghaidh **tráchtálaithe**, seachas tráchtearraí agus táirgí eile a úsáidtear le haghaidh bia, beatha nó próiseáilte.

Ciallaíonn ***'Díolacháin'*** an t-ollioncam a fhaigheann an **Faighteoir** agus a chuid **cleamhnaithe** ó **thráchtálú** agus i bhfoirm táillí ceadúnais le haghaidh **Acmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht**.

Ciallaíonn ***'Tréith a bhfuil luach tráchtála aici'*** aon tréith oidhreachta agus intomhaiste a thugann luach mór tráchtála do bhia agus don talmhaíocht do **Tháirge**, lena n-áirítear tréithe agranamaíocha, tréithe a thugann frithsheasmhacht in aghaidh struis bhitheacha nó aibitheacha, tréithe a fheabhsaíonn luach cothaitheach nó próiseála tráchtearraí buainte, agus aon tréith eile a úsáidtear chun tuairisc a thabhairt ar **Tháirge** chun **tráchtálú** an táirge a chur chun cinn.

**AIRTEAGAL 3 - ÁBHAR AN CHOMHAONTAITHE**

Leis seo, déantar na h**Acmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht** a shonraítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an g**Comhaontú seo** (dá ngairtear '**an tÁbhar**' anseo feasta) agus an fhaisnéis ghaolmhar atá ar fáil dá dtagraítear in Airteagal 5b agus in Iarscríbhinn 1 a aistriú ón **Soláthraí** chuig an **bhFaighteoir** faoi réir na dtéarmaí agus coinníollacha a leagtar amach sa **Chomhaontú seo**.

**AIRTEAGAL 4 - FORÁLACHA GINEARÁLTA**

4.1 Déantar **an Comhaontú seo** faoi chuimsiú an **Chórais Iltaobhaigh** agus déanfar é a chur chun feidhme agus a léirmhíniú i gcomhréir le cuspóirí agus forálacha an **Chonartha**.

4.2 Aithníonn na páirtithe go bhfuil siad faoi réir na mbeart agus na nósanna imeachta dlíthiúla is infheidhme, a ghlac na Páirtithe Conarthacha sa **Chonradh**, i gcomhréir leis an g**Conradh**, go háirithe na cinn a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 4, Airteagal 12.2 agus Airteagal 12.5 den **Chonradh**.[(4)]

4.3 Comhaontaíonn na páirtithe sa **Chomhaontú seo** gurb í Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe, ag gníomhú di thar ceann **Chomhlacht Rialaithe** an **Chonartha** agus a **Chórais Iltaobhaigh**, an tairbhí tríú páirtí faoin g**Comhaontú seo**.

4.4 Tá sé de cheart ag an tairbhí tríú páirtí an fhaisnéis iomchuí a iarraidh mar a cheanglaítear in Airteagal 5e, Airteagal 6.5c agus Airteagal 8.3, Iarscríbhinn 2, Airteagal 3.6 agus Iarscríbhinn 4, Mír 7 a ghabhann leis an g**Comhaontú seo**.

4.5 Ní chuireann na cearta a dheonaítear d'Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe thuas cosc ar na páirtithe sa **Chomhaontú seo** a gcearta a fheidhmiú faoin g**Comhaontú seo**.

**AIRTEAGAL 5 - CEARTA AN tSOLÁTHRAÍ AGUS NA hOIBLEAGÁIDÍ ATÁ AIR**

Geallann an **Soláthraí** go n-aistrítear an tÁbhar i gcomhréir leis na forálacha seo a leanas den **Chonradh**:

---

(3) Mar a léirítear, mar shampla, le ginealach nó nodaireacht ar ionsá géine.

(4) I gcás Airmheán Taighde Idirnáisiúnta Talmhaíochta an Ghrúpa Chomhairligh um Thaighde Idirnáisiúnta Talmhaíochta agus institiúidí idirnáisiúnta eile, beidh feidhm ag an gComhaontú idir an Comhlacht Rialaithe agus Lárionaid an Ghrúpa Chomhairligh um Thaighde Idirnáisiúnta Talmhaíochta nó institiúidí ábhartha eile.

(a) Tabharfar rochtain go gasta, gan gá le haontachais ar leithligh a rianú agus saor in aisce, nó, nuair a ghearrfar táille, ní rachaidh sí thar an gcostas íosta a bheidh i gceist;

(b) Déanfar na sonraí pas uile atá ar fáil agus, faoi réir an dlí is infheidhme, aon fhaisnéis thuairisciúil neamhrúnda eile atá ar fáil, a chur ar fáil leis na h**Acmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht** a sholáthrófar;

c) Is faoi rogha a fhorbróra a bheidh rochtain ar **Acmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht atá á bhForbairt**, lena n-áirítear ábhar atá á fhorbairt ag feirmeoirí, le linn a fhorbartha;

d) An rochtain ar **Acmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht** atá faoi chosaint le cearta maoine intleachtúla agus le cearta maoine eile, beidh sí ar comhréir le comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha, agus leis na dlíthe náisiúnta ábhartha;

e) Cuirfidh an **Soláthraí** in iúl don **Chomhlacht Rialaithe**, trína Rúnaí, uair amháin ar a laghad gach 2 bhliain féilire, nó laistigh d'eatramh a chinnfidh an **Comhlacht Rialaithe** ó am go ham, faoi na Comhaontuithe maidir le hAistriú Ábhar a rinneadh,(5)

ar na bealaí seo a leanas:

Rogha A: Cóip den Chomhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar comhlánaithe a tharchur,(6)

nó

Rogha B: I gcás nach dtarchuirfear cóip den Chomhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar,

i. a áirithiú go bhfuil an Comhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar comhlánaithe ar fáil don tairbhí tríú páirtí de réir mar is gá agus nuair is gá;

ii. a lua cá bhfuil an Comhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar atá i gceist stóráilte, agus conas is féidir é a fháil; agus

iii. an fhaisnéis seo a leanas ar fáil:

a) An tsiombail nó an uimhir aitheantais a shann an **Soláthraí** don Chomhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar;

b) Ainm agus seoladh an t**Soláthraí**;

c) An dáta a chomhaontaigh an **Soláthraí** leis an gComhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar nó ar ghlac sé leis, agus i gcás craptha, an dáta a seoladh an loingsiú;

d) Ainm agus seoladh an **Fhaighteora**, agus, i gcás comhaontú crapchlúdaigh, ainm an duine ar cuireadh an loingsiú chuige;

(5) Ba cheart don Soláthraí an fhaisnéis sin a chur chuig: An Rúnaí An Conradh Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe I-00153 An Róimh, An Iodáil Ríomhphost: ITPGRFA-Secretary@FAO.org nó trí EasySMTA: https://mls.planttreaty.org/itt/.

(6) I gcás ina mbeidh crap-chlúdach i gceist leis an gcóip den Chomhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar comhlánaithe a tharchuirtear, i gcomhréir le hAirteagal 10, Rogha 2 den Chomhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar, cuimseoidh an Soláthraí faisnéis freisin maidir (a) leis an dáta a seoladh an loingsiú, agus (b) le hainm an duine ar seoladh an loingsiú chuige.

e) Sainaithit gach aontachas in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gComhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar, agus an barr lena mbaineann sé.

Cuirfidh an Rúnaí an fhaisnéis sin ar fáil don tairbhí tríú páirtí. Mura gcomhaontóidh na páirtithe sa **Chomhaontú seo** a mhalairt agus seachas de réir mar is gá i gcomhthéacs díospóidí a réiteach faoi Airteagal 8 den Chomhaontú seo, pléifear leis an bhfaisnéis sin mar fhaisnéis rúnda ghnó agus ní úsáidfear í ach amháin chun tuairisciú comhiomlánaithe a fhorbairt.

**AIRTEAGAL 6 - CEARTA AGUS OIBLEAGÁIDÍ AN FHAIGHTEORA**(7)

6.1 Geallann an **Faighteoir** nach n-úsáidfear nó nach gcaomhnófar an t**Ábhar** ach amháin chun críocha taighde, pórúcháin agus oiliúna do bhia agus don talmhaíocht. Ní áireofar úsáidí ceimiceacha, cógaisíochta agus/nó úsáidí tionsclaíocha eile nach bia/beatha iad ar na críocha sin.

6.2 Ní éileoidh an **Faighteoir** aon mhaoin intleachtúil ná aon chearta eile a chuireann teorainn leis an rochtain éascaithe ar an **Ábhar** a sholáthraítear faoin g**Comhaontú seo**, ná ar a chodanna géiniteacha nó a chomhpháirteanna géiniteacha, san fhoirm a fhaightear ón g**Córas Iltaobhach**.

6.3 I gcás ina gcaomhnaíonn an **Faighteoir** an t**Ábhar** arna sholáthar, cuirfidh an **Faighteoir** an t**Ábhar**, agus an fhaisnéis ghaolmhar dá dtagraítear in Airteagal 5b, ar fáil don **Chóras Iltaobhach** trí úsáid a bhaint as an gComhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar.

6.4 I gcás ina n-aistríonn an **Faighteoir** an t**Ábhar** a sholáthraítear faoin g**Comhaontú seo** chuig duine nó eintiteas eile (dá ngairtear '**an faighteoir ina dhiaidh sin**' anseo feasta), déanfaidh an **Faighteoir** na nithe seo a leanas

a) an méid sin a dhéanamh faoi théarmaí agus coinníollacha an Chomhaontaithe Chaighdeánaigh maidir le hAistriú Ábhar, trí Chomhaontú Caighdeánach nua maidir le hAistriú Ábhar; agus

b) fógra a thabhairt don **Chomhlacht Rialaithe**, de réir Airteagal 5e.

Maidir leis an méid thuas a chomhlíonadh, ní bheidh aon oibleagáidí breise ar an bh**Faighteoir** maidir le gníomhaíochtaí an **fhaighteora ina dhiaidh sin**.

6.5 I gcás ina n-aistríonn an **Faighteoir Acmhainn Ghéiniteach Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht atá á bhForbairt** chuig duine nó eintiteas eile, go dtí go mbeidh tréimhse 12 bhliain tar éis an **Comhaontú seo** a shíniú nó tar éis glacadh leis imithe in éag, déanfaidh an **Faighteoir** na nithe seo a leanas:

a) an méid sin a dhéanamh faoi théarmaí agus coinníollacha an Chomhaontaithe Chaighdeánaigh maidir le hAistriú Ábhar, trí Chomhaontú Caighdeánach nua maidir le hAistriú Ábhar, ar choinníoll nach mbeidh feidhm ag Airteagal 5a den Chomhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar;

b) an t**Ábhar** a fuarthas ón g**Córas Iltaobhach** a shainaithint in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gComhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar nua, agus a

(7) Nóta eagarthóireachta: Coinníodh uimhreacha Airteagail le haghaidh '6.11', '6.11bis', '6.11ter', agus '6.7/6.8', toisc go n-úsáidtear iad go coitianta chun tuairisc a thabhairt ar roghanna íocaíochta agus coincheapa an Comhaontaithe Chaighdeánaigh maidir le hAistriú Ábhar atá ann faoi láthair agus toisc go bhfuil siad comhchiallach leis an rogha suibscríbhinne agus leis an rogha rochtana aonair. Comhaontaíodh go ndéanfar na hairteagail sin a athuimhriú níos déanaí.

shonrú go síolraíonn na h**Acmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht** atá á n-aistriú ón **Ábhar**;

c) fógra a thabhairt don **Chomhlacht Rialaithe**, de réir Airteagal 5e; agus

(d) ní bheidh aon oibleagáidí eile air maidir le gníomhaíochtaí aon **fhaighteora ina dhiaidh sin**.

Níl feidhm ag na hoibleagáidí san Airteagal 6.5 seo maidir le h**Acmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht atá á bhForbairt**, a bhfuil feidhm ag an dá choinníoll seo a leanas maidir leo:

i. tá ionchur géiniteach níos lú ná 12,5 % iontu de réir ghinealach an **Ábhair** agus

ii. níl tréith a bhfuil luach tráchtála aici acu, ar tréith í a tháinig as an **Ábhar**.

6.6 Beidh iontráil i gComhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar faoi mhír 6.5 gan dochar do cheart na bpáirtithe coinníollacha breise a chur i gceangal, rud a bhaineann le táirgí a fhorbairt a thuilleadh, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, cúiteamh airgid a íoc.

6.9 Cuirfidh an **Faighteoir** an fhaisnéis neamhrúnda uile a eascraíonn as taighde agus forbairt a dhéantar ar an **Ábhar** ar fáil don **Chóras Iltaobhach** tríd an gcóras faisnéise dá bhforáiltear in Airteagal 17 den **Chonradh**, agus moltar dó tairbhí neamhairgeadaíochta a shainaithnítear go sainráite in Airteagal 13.2 den Chonradh agus a eascraíonn as taighde agus forbairt den sórt sin a chomhroinnt tríd an gCóras Iltaobhach. Moltar don **Fhaighteoir** sampla d'aon **Táirge** ina n-ionchorpraítear an t**Ábhar** a chur i mbailiúchán atá mar chuid den Chóras Iltaobhach, le haghaidh taighde, agus pórúcháin agus oiliúna.

6.10 A **Faighteoir** a rinne iarratas ar chearta maoine intleachtúla nó a fhaigheann cearta maoine intleachtúla ar aon Táirge a fhorbraítear ón **Ábhar** nó óna chodanna géiniteacha nó óna chomhpháirteanna géiniteacha, a fhaightear ón g**Córas Iltaobhach**, agus a shannann an cur i bhfeidhm sin nó na cearta maoine intleachtúla sin do thríú páirtí, aistreoidh sé oibleagáidí an **Chomhaontaithe seo** maidir le comhroinnt tairbhí chuig an tríú páirtí sin.

6.6 bis Roghnóidh an **Faighteoir**, tráth sínithe an **Chomhaontaithe seo** nó tráth a ghlactar leis, ceann amháin den dá rogha rochtana, dá bhforáiltear in Airteagal 10 den **Chomhaontú seo**: an rogha síntiúis de bhun Airteagal 6.11 agus Iarscríbhinn 2, nó an rogha rochtana aonair de bhun Airteagal 6.7 agus Airteagal 6.8 agus Iarscríbhinn 4, ach amháin má tá síntiúis ag an bh**Faighteoir** cheana féin.

6.11 Chun an rogha síntiúis a roghnú, mura mbeidh suibscríbhinn ag an bh**Faighteoir** cheana féin, ní mór don **Fhaighteoir** an **Fhoirm Clárúcháin** atá le fáil in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an g**Chomhaontú seo**, arna líonadh isteach agus arna síniú go cuí, a chur chuig **Comhlacht Rialaithe** an **Chonartha**, trína Rúnaí (**Suibscríbhinn**). Beidh an **tSuibscríbhinn** comhlánaithe nuair a fhaightear uimhir an tSuibhscríobhaí ón Rúnaí.

6.11 bis Leagtar amach téarmaí agus coinníollacha na rogha suibscríbhinne in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an g**Comhaontú seo**. Is dlúthchuid den **Chomhaontú seo** í Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an g**Comhaontú seo** agus tuigfear aon tagairt don **Chomhaontú seo**, i gcás ina gceadaíonn an comhthéacs agus *mutatis mutandis*, Iarscríbhinn 2 a áireamh ann freisin.

6.11 ter Faoin rogha suibscríbhinne, ní bheidh aon oibleagáidí íocaíochta ag an bh**Faighteoir** maidir leis an **Ábhar** a fuarthas, agus aon **Táirge** ina n-ionchorpraítear an t**Ábhar**, seachas na hoibleagáidí íocaíochta dá bhforáiltear faoin rogha suibscríbhinne, le linn thréimhse na **Suibscríbhinne**.

6.7 Faoin rogha rochtana aonair, má dhéanann an **Faighteoir** nó aon cheann dá **chleamhnaithe Táirge** a **thráchtálú**, agus i gcás nach bhfuil an **Táirge** sin **ar fáil gan srian**, beidh feidhm ag na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn 4. Nuair a bheidh deireadh tagtha leis an srian, leanfaidh an **Faighteoir** nó aon cheann dá **chleamhnaithe** a dhéanann an **Táirge** a **thráchtálú**d'íocaíochtaí a dhéanamh de réir an ráta dá dtagraítear in Airteagal 6.8 thíos. Is dlúthchuid den **Chomhaontú seo** í Iarscríbhinn 4 a ghabhann leis an g**Comhaontú seo** agus tuigfear aon tagairt don **Chomhaontú seo**, i gcás ina gceadaíonn an comhthéacs agus *mutatis mutandis*, Iarscríbhinn 4 a áireamh ann freisin.

6.8 Faoin rogha rochtana aonair, má dhéanann an **Faighteoir** nó aon cheann dá **chleamhnaithe Táirge** a **thráchtálú**, agus i gcás nach bhfuil an **Táirge** sin **ar fáil gan srian**, beidh feidhm ag na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn 4. Is dlúthchuid den **Chomhaontú seo** í Iarscríbhinn 4 a ghabhann leis an g**Comhaontú seo** agus tuigfear aon tagairt don **Chomhaontú seo**, i gcás ina gceadaíonn an comhthéacs agus *mutatis mutandis*, Iarscríbhinn 4 a áireamh ann freisin.

6.8 bis Déanfaidh **Faighteoir** a fhaigheann rochtain ar an **Ábhar** faoi Airteagal 6.7 nó Airteagal 6.8 a **chleamhnaithe** a nochtadh tráth a shínítear an Comhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar. I gcás ina dtugtar ábhar d'aon cheann de na **cleamhnaithe** sin tar éis an Comhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar a shíniú, beidh feidhm ag Airteagal 6.5 den **Chomhaontú seo**.

## AIRTEAGAL 7 - AN DLÍ IS INFHEIDHME

Is é a bheidh sa dlí is infheidhme Prionsabail Ghinearálta an Dlí, lena n-áirítear Prionsabail UNIDROIT maidir le Conarthaí Tráchtála Idirnáisiúnta 2016 agus mar a thugtar cothrom le dáta iad ina dhiaidh sin, cuspóirí agus forálacha ábhartha an **Chonartha**, agus, nuair is gá chun léiriú a dhéanamh, cinntí an **Chomhlachta Rialaithe**.

## AIRTEAGAL 8 – RÉITEACH DÍOSPÓIDÍ

8.1 Féadfaidh an **Soláthraí** nó an **Faighteoir** nó an tairbhí tríú páirtí atá ag gníomhú thar ceann **Chomhlacht Rialaithe** an **Chonartha** agus a **Chórais Iltaobhaigh** réiteach díospóidí a thionscnamh.

8.2 Comhaontaíonn na páirtithe sa **Chomhaontú seo** go bhfuil sé de cheart ag Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe, a dhéanann ionadaíocht thar ceann an **Chomhlachta Rialaithe** agus an **Chórais Iltaobhaigh**, mar thairbhí tríú páirtí, nósanna imeachta um réiteach díospóidí a thionscnamh maidir le cearta agus oibleagáidí an tSoláthraí agus an Fhaighteora faoin gComhaontú seo.

8.3 Tá sé de cheart ag an tairbhí tríú páirtí a iarraidh go gcuirfidh an **Soláthraí** agus an **Faighteoir** an fhaisnéis iomchuí, lena n-áirítear samplaí de réir mar is gá, ar fáil maidir lena n-oibleagáidí i gcomhthéacs an **Chomhaontaithe seo**. Aon fhaisnéis nó samplaí a iarrtar, déanfaidh an **Soláthraí** agus an **Faighteoir** iad a chur ar fáil, de réir mar a bheidh.

8.4 Déanfar aon díospóid a eascraíonn as an g**Comhaontú seo** a réiteach ar an mbealach seo a leanas:

a) Réiteach díospóide cairdiúil: Déanfaidh na páirtithe iarracht, de mheon macánta, an díospóid a réiteach trí chaibidlíocht.

b) Idirghabháil: Mura réitítear an díospóid trí chaibidlíocht, féadfaidh na páirtithe idirghabháil a roghnú trí idirghabhálaí tríú páirtí neodrach, a chomhaontófar go frithpháirteach.

c) Eadráin: Mura réitítear an díospóid trí chaibidlíocht nó idirghabháil, féadfaidh aon pháirtí an díospóid a chur faoi bhráid eadrána faoi Rialacha Eadrána comhlachta idirnáisiúnta mar a chomhaontóidh na páirtithe sa díospóid. In éagmais comhaontú den sórt sin, déanfar an díospóid a shocrú faoi Rialacha Eadrána an Chomhlachais Idirnáisiúnta Tráchtála, ag eadránaí amháin nó níos mó a cheapfar de réir na Rialacha sin. Féadfaidh ceachtar páirtí sa díospóid, má roghnaíonn sé amhlaidh, a eadránaí a cheapadh as cibé liosta saineolaithe a bhunóidh an **Comhlacht Rialaithe** chun na críche sin; féadfaidh an dá pháirtí, nó na headránaithe a cheapfaidh siad, a chomhaontú eadránaí aonair, nó eadránaí ceannais, de réir mar a bheidh, a cheapadh as an liosta saineolaithe sin. Beidh toradh na headrána sin ceangailteach.

d) Féadfaidh páirtithe éagóraithe leas a bhaint as deiseanna a chuirfear ar fáil faoi fhorálacha Airteagal 12.5 den **Chonradh**.

8.5 I gcás sárú cruthaithe ar Airteagal 6.1 nó Airteagal 6.2, féadfaidh an **Faighteoir** a bheith faoi dhliteanas i leith damáistí. Maidir le hAirteagal 6.1, ba cheart damáistí a bheith i gcomhréir leis an ioncam a fhaigheann an **Faighteoir** mar thoradh ar an sárú cruthaithe. Maidir le hAirteagal 6.2, ba cheart damáistí a bheith i gcomhréir leis an ioncam a fhaigheann an **Faighteoir** mar thoradh ar an maoin intleachtúil nó ar chearta eile a chuireann teorainn leis an rochtain éascaithe ar an **Ábhar**, nó ar a chodanna géiniteacha nó ar a chomhpháirteanna géiniteacha, san fhoirm a fuarthas ón g**Córas Iltaobhach**, agus d'fhéadfadh sannadh na maoine intleachtúla nó cearta eile lena mbaineann a bheith mar thoradh orthu freisin, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta ábhartha agus leis an reachtaíocht náisiúnta ábhartha.

## AIRTEAGAL 9 - ACMHAINNÍ BREISE

### Baránta

9.1 Ní thugann an **Soláthraí** aon bharánta sa **Chomhaontú seo** maidir le sábháilteacht nó teideal an **Ábhair**, ná maidir le cruinneas aon phas nó sonraí eile a sholáthraítear leis an **Ábhar**. Ní dhéanann sé aon bharánta ach oiread maidir le cáilíocht, inmharthanacht nó íonacht (géiniteach nó meicniúil) an **Ábhair** atá á chur ar fáil. Níl coinníoll fíteashláintíochta an **Ábhair** faoi bharánta ach amháin mar a thuairiscítear in aon deimhniú fíteashláintíochta atá i gceangal leis. Glacann an **Faighteoir** freagracht iomlán as cloí le rialacháin na tíre is faighteoir maidir le coraintín, speicis choimhthíocha ionracha agus bithshábháilteacht, agus a rialacha maidir le h**ábhar géiniteach** a allmhairiú nó a scaoileadh.

### Tarraingt siar as an gComhaontú seo

9.2 Féadfaidh an **Faighteoir** tarraingt siar ón g**Comhaontú seo** i gcomhréir le hIarscríbhinn 2 agus Iarscríbhinn 4.

### Leasuithe ar an gComhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar

9.3 Má leasaíonn an **Comhlacht Rialaithe** téarmaí agus coinníollacha an Chomhaontaithe Chaighdeánaigh maidir le hAistriú Ábhar, déanfaidh an **Faighteoir**, ón dáta a chinnfidh an **Comhlacht Rialaithe**, an Comhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar leasaithe a úsáid le haghaidh aistrithe an **Ábhair** chuig tríú páirtithe ina dhiaidh sin. Fanfaidh cearta agus oibleagáidí eile an **Fhaighteora** gan athrú, mura n-aontaíonn an **Faighteoir** go sainráite i scríbhinn leis an gComhaontú Caighdeánach leasaithe maidir le hAistriú Ábhar.

**Idirthréimhse**

9.4 I gcás nach dtiocfaidh an Leasú ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an g**Conradh**, mar atá i Rún [XX]/2025, i bhfeidhm faoin 31 Iúil 2031 agus mura gcuirfidh an **Comhlacht Rialaithe** síneadh leis an tréimhse nó mura gcinnfidh sé a mhalairt, ag an Seisiún a bheidh aige in 2031:

Scoirfidh Airteagal 6.11 agus na hIarscríbhinní lena mbaineann d'fheidhm a bheith acu maidir le **Faighteoirí** nua agus ní cheadófar aon **Suibscríbhinn** nua faoin g**Comhaontú seo**. Maidir le **Faighteoir** a tháinig chun bheith ina **Shuibscríobhaí** roimh an 31 Iúil 2031, féadfaidh sé, laistigh de [XX] lá:

1) Fógra a thabhairt do **Chomhlacht Rialaithe** an Chonartha, trína Rúnaí, go gcoinneoidh sé a Shuibscríbhinn; nó

2) Tarraingt siar óna **Shuibscríbhinn** le héifeacht láithreach. Má roghnaíonn an **Suibscríobhaí** an rogha sin, tiocfaidh deireadh leis na **Téarmaí Suibscríbhinne** láithreach, agus beidh feidhm ag téarmaí agus coinníollacha an tsásra íocaíochta faoi Airteagal 6.7, Airteagal 6.8 agus Iarscríbhinn 4 den **Chomhaontú seo** ina n-ionad. Tar éis tarraingt siar den sórt sin, déanfar aon suim arna íoc ag an **Suibscríobhaí** faoin **Suibscríbhinn** a chur chun sochair, arna iarraidh sin don **Suibscríobhaí**, i leith aon íocaíocht a d'fhéadfadh a bheith dlite faoin sásta íocaíochta faoi Airteagal 6.7, Airteagal 6.8 agus Iarscríbhinn 4 den Chomhaontú seo.

**AIRTEAGAL 10 – SÍNIÚ/GLACADH**

Féadfaidh an **Soláthraí** agus an **Faighteoir** an modh glactha a roghnú, mura n-éilíonn ceachtar de na páirtithe go síneofar an **Comhaontú seo**.

**Rogha 1 - Síniú***[8]

Deimhním, (Ainm Iomlán an Oifigigh Údaraithe), go bhfuil an t-údarás agam an **Comhaontú seo** a fhorghníomhú thar ceann an **Fhaighteora** agus admhaím freagracht agus oibleagáid m'institiúide cloí le forálacha an **Chomhaontaithe seo**, le litir agus i bprionsabal araon, chun caomhnú agus úsáid inbhuanaithe **Acmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht** a chur chun cinn.

□ Tuigim agus aontaím go sainráite go mbeidh na cearta dá bhforáiltear in Airteagal 4 agus Airteagal 8 den **Chomhaontú seo** ag an tairbhí tríú páirtí.

□ Dearbhaím leis seo nach dtéann **Díolacháin an Fhaighteora** thar USD [xx] i gcomhréir le hAirteagal 3.4 d'Iarscríbhinn 2. Geallann an **Faighteoir** íocaíochtaí bliantúla a dhéanamh agus tuarascálacha bliantúla a chur isteach tráth a rachaidh a

(8) * I gcás ina roghnaíonn an Soláthraí síniú, ní bheidh ach an fhoclaíocht i Rogha 1 le feiceáil sa Chomhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar. Ar an gcaoi chéanna, i gcás ina roghnóidh an Soláthraí crapchlúdach nó clic-chlúdach, ní bheidh ach an fhoclaíocht i Rogha 2 nó i Rogha 3, de réir mar is iomchuí, le feiceáil sa Chomhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar. I gcás ina roghnaítear an fhoirm 'chlichlúdaigh', ba cheart cóip i scríbhinn den Chomhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar a bheith ag gabháil leis an Ábhar freisin.

**Dhíolacháin** thar USD [xx]. Tuigtear agus admhaítear go sainráite ceart an tairbhí tríú páirtí an fhaisnéis iomchuí a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 4.4 den **Chomhaontú seo**.

□ Deimhním go bhfuil mé i mo **Shuibscríobhaí** leis an g**Córas Iltaobhach** cheana féin.

Nó

□ Leis seo, roghnaím an rogha suibscríbhinne de bhun Airteagal 6.11 agus Iarscríbhinn 2 den **Chomhaontú seo**, agus deimhním go bhfuil an **Fhoirm Iarratais** atá le fáil in Iarscríbhinn 3 den **Chomhaontú seo** curtha agam chuig an g**Comhlacht Rialaithe**, trína Rúnaí.

Nó

□ Roghnaím leis seo na roghanna rochtana aonair de bhun Airteagal 6.7, Airteagal 6.8 agus Iarscríbhinn 4 den **Chomhaontú seo**.

Síniú

Dáta

Ainm an **Fhaighteora**

**Rogha 2 — Comhaontuithe Caighdeánacha maidir le hAistriú Ábhar Crapchlúdaigh***[(9)]

Soláthraítear an t**Ábhar** ar choinníoll go nglactar le téarmaí an **Chomhaontaithe seo**.

Nuair a sholáthróidh an **Soláthraí** an t**Ábhar** agus nuair a ghlacfaidh an **Faighteoir** leis an **Ábhar** agus úsáidfidh sé é, ciallóidh sé sin go nglacfar le téarmaí **an Chomhaontaithe seo**.

Tuigeann agus aontaíonn an **Faighteoir** go sainráite go mbeidh na cearta dá bhforáiltear in Airteagal 4 agus Airteagal 8 den **Chomhaontú seo** ag an tairbhí tríú páirtí.

Mura rachaidh **Díolacháin** an **Fhaighteora** os cionn USD [xx], cuirfidh sé an ráiteas seo a leanas i scríbhinn, arna shíniú go cuí, chuig an g**Comhlacht Rialaithe**, trína Rúnaí, nó ní bheidh feidhm ag an díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 3.4 d'Iarscríbhinn 2: 'Dearbhaím leis seo nach dtéann **Díolacháin an Fhaighteora** thar USD [xx] i gcomhréir le hIarscríbhinn 2, Airteagal 3.4. Geallann an **Faighteoir** íocaíochtaí bliantúla a dhéanamh agus tuarascálacha bliantúla a chur isteach tráth a rachaidh a **Dhíolacháin** thar USD [xx]. Tuigtear agus admhaítear go sainráite ceart an tairbhí tríú páirtí an fhaisnéis iomchuí a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 4.4 den **Chomhaontú seo**.'

Más **Suibscríobhaí** é an **Faighteoir**, cuirfidh sé an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid an **Chomhlachta Rialaithe**, trína Rúnaí: 'Deimhním leis seo gur **Suibscríobhaí** mé, ag a bhfuil an uimhir Suibscríbhinne .....................'

---

(9) * I gcás ina roghnaíonn an Soláthraí síniú, ní bheidh ach an fhoclaíocht i Rogha 1 le feiceáil sa Chomhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar. Ar an gcaoi chéanna, i gcás ina roghnóidh an Soláthraí crapchlúdach nó clic-chlúdach, ní bheidh ach an fhoclaíocht i Rogha 2 nó i Rogha 3, de réir mar is iomchuí, le feiceáil sa Chomhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar. I gcás ina roghnaítear an fhoirm 'chlichlúdaigh', ba cheart cóip i scríbhinn den Chomhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar a bheith ag gabháil leis an Ábhar freisin.

Nó

Má roghnaíonn an **Faighteoir** an rogha suibscríbhinne, cuirfidh sé an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid an **Chomhlachta Rialaithe**, trína Rúnaí: 'Leis seo, roghnaím an rogha suibscríbhinne de bhun Airteagal 6.11 agus Iarscríbhinn 2 den **Chomhaontú seo**, agus deimhním go bhfuil an Fhoirm Iarratais atá le fáil in Iarscríbhinn 3 den Chomhaontú seo curtha agam chuig an g**Comhlacht Rialaithe**, trína Rúnaí.'

Nó

Má roghnaíonn an **Faighteoir** an rogha rochtana aonair, cuirfidh sé an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid an Chomhlachta Rialaithe, trína Rúnaí: 'Roghnaím leis seo na roghanna rochtana aonair de bhun Airteagal 6.7, Airteagal 6.8 agus Iarscríbhinn 4 den **Chomhaontú seo**.'

**Rogha 3 — Comhaontuithe Caighdeánacha Clichlúdaigh maidir le hAistriú Ábhar *(10)**

□ Aontaím leis na coinníollacha thuas.

□ Tuigim agus aontaím go sainráite go mbeidh na cearta dá bhforáiltear in Airteagal 4 agus Airteagal 8 den **Chomhaontú seo** ag an tairbhí tríú páirtí.

□ Dearbhaím leis seo nach dtéann **Díolacháin an Fhaighteora** thar USD [xx] i gcomhréir le hAirteagal 3.4 d'Iarscríbhinn 2. Geallann an **Faighteoir** íocaíochtaí bliantúla a dhéanamh agus tuarascálacha bliantúla a chur isteach tráth a rachaidh a **Dhíolacháin** thar USD [xx]. Tuigtear agus admhaítear go sainráite ceart an tairbhí tríú páirtí an fhaisnéis iomchuí a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 4.4 den **Chomhaontú seo**.

□ Deimhním leis seo gur **Suibscríobhaí** mé, ag a bhfuil an uimhir Suibscríbhinne ...........

Nó

□ Leis seo, roghnaím an rogha suibscríbhinne de bhun Airteagal 6.11 agus Iarscríbhinn 2 den **Chomhaontú seo**, agus deimhním go bhfuil an **Fhoirm Iarratais** atá le fáil in Iarscríbhinn 3 den **Chomhaontú seo** curtha agam chuig an g**Comhlacht Rialaithe**, trína Rúnaí.

Nó

□ Roghnaím leis seo na roghanna rochtana aonair de bhun Airteagal 6.7, Airteagal 6.8 agus Iarscríbhinn 4 den **Chomhaontú seo**.

2. ***Iarscríbhinn 1***

**LIOSTA NA nÁBHAR A SHOLÁTHRATEAR**

Liostaítear san Iarscríbhinn seo an t**Ábhar** a sholáthraítear faoin g**Comhaontú seo**, lena n-áirítear an fhaisnéis ghaolmhar dá dtagraítear in Airteagal 5b. Áirítear an fhaisnéis seo a leanas, nó léirítear an fhoinse ónar féidir í a fháil, maidir le gach

(10) * I gcás ina roghnaíonn an Soláthraí síniú, ní bheidh ach an fhoclaíocht i Rogha 1 le feiceáil sa Chomhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar. Ar an gcaoi chéanna, i gcás ina roghnóidh an Soláthraí crapchlúdach nó clic-chlúdach, ní bheidh ach an fhoclaíocht i Rogha 2 nó i Rogha 3, de réir mar is iomchuí, le feiceáil sa Chomhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar. I gcás ina roghnaítear an fhoirm 'chlichlúdaigh', ba cheart cóip i scríbhinn den Chomhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar a bheith ag gabháil leis an Ábhar freisin.

**Ábhar** a liostaítear: na sonraí pas uile atá ar fáil agus, faoi réir an dlí is infheidhme, aon fhaisnéis thuairisciúil eile lena mbaineann, atá ar fáil, í neamhrúnda.

**Tábla A**

**Ábhair**:

Barr: Uimhir shealbhaithe nó aitheantóir eile

Faisnéis ghaolmhar, má tá sí ar fáil, nó foinse ónar féidir í a fháil (URL)

**Tábla B**

**Ábhair** ar **Acmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht atá á bhForbairt** iad:

Barr:

Uimhir shealbhaithe nó aitheantóir eile

Faisnéis ghaolmhar, má tá sí ar fáil, nó foinse ónar féidir í a fháil (URL)

I gcomhréir le hAirteagal 6.5b, soláthraítear an fhaisnéis seo a leanas maidir leis na h**ábhair** a fuarthas faoi Chomhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar nó a tugadh isteach sa **Chóras Iltaobhach** trí chomhaontú de bhun Airteagal 15 den **Chonradh**, óna ndíorthaítear na h**Acmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht atá á bhForbairt** a liostaítear i dTábla B:

Barr:

Uimhir shealbhaithe nó aitheantóir eile

Faisnéis ghaolmhar, má tá sí ar fáil, nó foinse ónar féidir í a fháil (URL)

3. ***Iarscríbhinn 2***

**TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA NA ROGHA SUIBSCRÍBHINNE (AIRTEAGAL 6.11)**

**AIRTEAGAL 1 - SUIBSCRÍOBH**

1.1 Comhaontaíonn an **Faighteoir**, a dhéanann suibscríbhinn i gcomhréir le hAirteagal 6.11 den **Chomhaontú seo** (dá ngairtear an '**Suibscríobhaí**' anseo feasta), a bheith faoi cheangal ag na téarmaí agus coinníollacha breise seo a leanas (na '**Téarmaí Suibscríbhinne**').

1.2 Beidh éifeacht ag an **Suibscríbhinn** nuair a gheobhaidh an **Suibscríobhaí** uimhir Suibscríbhinne ó Rúnaí an **Chomhlachta Rialaithe**, tar éis an **Fhoirm Chlárúcháin** atá le fáil Iarscríbhinn 3 a chur isteach, í sínithe go cuí. Ní cheanglófar ar an **Suibscríobhaí** Iarscríbhinn 3 a ghabhann le haon Chomhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar ina dhiaidh sin a shíniú, le linn na tréimhse **Suibscríbhinne**.

1.3 Scaoilfear an **Suibscríobhaí** ó aon oibleagáid íocaíochtaí a dhéanamh faoi aon Chomhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar a síníodh roimh [dáta], agus i ndáil le hábhair a bhfuarthas rochtain orthu faoi na Comhaontuithe Caighdeánacha sin maidir le hAistriú Ábhar, ní bheidh feidhm ach ag na hoibleagáidí íocaíochta sna **Téarmaí Suibscríbhinne** seo.

1.3 BIS A mhéid atá aon Chomhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar sínithe ag an **Suibscríobhaí** de bhun Airteagal 6.7 nó Airteagal 6.8 den **Chomhaontú seo** tar éis an [dáta], fanfaidh oibleagáidí íocaíochta an **tSuibscríobhaí** faoi na Comhaontuithe Caighdeánacha sin maidir le hAistriú Ábhar i bhfeidhm, agus

féadfaidh an **Suibscríobhaí** díolacháin táirgí gaolmhara ar **Acmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht** iad a bhaint de bhonn a íocaíochta suibscríbhinne.

1.4. Féadfaidh an **Comhlacht Rialaithe** na **Téarmaí Suibscríbhinne** a leasú ag am ar bith. Ní bheidh feidhm ag na **Téarmaí Suibscríbhinne** leasaithe sin maidir le haon **Suibscríbhinn** atá ann cheana, mura dtugann an **Suibscríobhaí** fógra don **Chomhlacht Rialaithe** faoina chomhaontú a bheith faoi réir na dtéarmaí leasaithe. Má chomhaontaíonn an **Suibscríobhaí** leis na **Téarmaí Suibscríbhinne** leasaithe, ní dhéanfaidh comhaontú den sórt sin difear don dáta a ghabh éifeacht leis an **Suibscríbhinn**.

**AIRTEAGAL 2 - CLÁR**

Aontaíonn an **Suibscríobhaí** go gcuirfear a ainm iomlán, a shonraí teagmhála agus an dáta a tháinig an **tSuibscríbhinn** i bhfeidhm, ar chlár poiblí (an '**Clár**'), agus geallann sé aon athruithe ar an bhfaisnéis sin a chur in iúl láithreach do **Chomhlacht Rialaithe** an **Chonartha**, trína Rúnaí.

**AIRTEAGAL 3 - COMHROINNT SOCHAR AIRGEADAÍOCHTA**

3.1 Chun na sochair airgeadaíochta ó úsáid **Acmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht** a chomhroinnt faoin g**Conradh**, déanfaidh an **Suibscríobhaí** íocaíochtaí bliantúla ar bhonn díolacháin táirgí ar **Acmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht** iad.

3.2 Is é [yy] % an ráta íocaíochta is infheidhme maidir le **Díolacháin** táirgí ar **Acmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht** iad.

3.3 Arna iarraidh sin don **Suibscríobhaí**, nach ndéanann táirgí a thráchtálú ach amháin i gcás táirgí ar **Acmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht** iad atá **ar fáil gan srian**, tríd an bh**Foirm Chlárúcháin** atá in Iarscríbhinn 3, is é [xx] % an ráta íocaíochta a bheidh ann.

3.4 D'ainneoin an mhéid thuas, ní éileofar aon íocaíocht do **Shuibscríobhaí** i mbliain airgeadais nach mó a **Dhíolacháin** ná USD [xx].

3.5 Déanfar íocaíocht laistigh de seasca (60) lá tar éis dhúnadh na gcuntas gach bliain airgeadais, don bhliain roimhe sin. An tráth a tháinig an **Suibscríbhinn** i bhfeidhm le linn na bliana, déanfaidh an **Suibscríobhaí** íocaíocht chomhréireach don chéad bhliain dá **Shuibscríbhinn**.

3.6 Cuirfidh an **Suibscríobhaí** ráiteas cuntais faoi bhráid Rúnaí an **Chomhlachta Rialaithe**, laistigh de seasca (60) lá tar éis dhúnadh na gcuntas gach bliain airgeadais, lena n-áirítear an méid seo a leanas go háirithe:

a) faisnéis faoi na **Díolacháin** a ndearnadh íocaíocht ina leith;

b) i gcás Airteagal 3.3 d'Iarscríbhinn 2, faisnéis faoi phunann táirgí an t**Suibscríobhaí**;

c) foinse infhíoraithe na faisnéise a soláthraíodh;

nó dearbhú sínithe ina léirítear go bhfuil sé díolmhaithe ó íocaíocht i gcomhréir le hAirteagal 3.4 thuas.

Pléifear le faisnéis den sórt sin mar fhaisnéis rúnda gnó, mar a shonróidh an **Suibscríobhaí** laistigh de na teorainneacha a leagtar amach sa **Chomhaontú seo**, agus cuirfear ar fáil í do thairbhí tríú páirtí, i gcomhthéacs réiteach díospóidí, mar a

fhoráiltear in Airteagal 8 den **Chomhaontú seo**, agus don **Chomhlacht Rialaithe** chun críoch tuairiscithe comhiomlánaithe ar ioncam chuig an gciste arna bhunú ag an g**Comhlacht Rialaithe** i gcomhréir le hAirteagal 19.3f den **Chonradh**.

3.7 Na híocaíochtaí uile atá dlite don **Chomhlacht Rialaithe**, beidh siad iníoctha i ndollair na Stát Aontaithe (USD) ar an ráta malairte a bhí ann ar dháta dúnta na gcuntas don chuntas seo a leanas arna bhunú ag an g**Comhlacht Rialaithe** i gcomhréir le hAirteagal 19.3f den **Chonradh**:

FAO Trust Fund (USD)

GINC/INT/031/MUL,

IT-PGRFA (Comhroinnt sochair),

Citibank

399 Park Avenue, Nua-Eabhrac, NY, Stáit Aontaithe Mheiriceá, 10022,

SWIFT/BIC: CITIUS33, Cód ABA/Cód an Bhainc: 021000089, Uimh. Cuntais 36352577

**AIRTEAGAL 4 - TARRAINGT SIAR ÓN SUIBSCRÍBHINN**

4.1 Beidh an **tSuibscríbhinn** i bhfeidhm go dtí go dtarraingeoidh an **Suibscríobhaí** siar uaidh, faoi réir thorthaí aon réitigh díospóide faoi Airteagal 8 **den Chomhaontú** seo.

4.2 Féadfaidh an **Suibscríobhaí** tarraingt siar óna **Shuibscríbhinn** ach fógra 6 mhí a thabhairt i scríbhinn chuig an g**Comhlacht Rialaithe** trína Rúnaí, tráth nach lú ná 10 mbliana ón dáta a tháinig an **tSuibscríbhinn** i bhfeidhm.

4.3 Ar aistarraingt óna **Shuibscríbhinn**, ní úsáidfidh an **Suibscríobhaí** an t**Ábhar** a thuilleadh. Féadfaidh an **Suibscríobhaí** an t**Ábhar** a chaomhnú agus é a chur ar fáil don **Chóras Iltaobhach** i gcomhréir le hAirteagal 6.3. Féadfaidh an **Suibscríobhaí** tairiscint a dhéanamh freisin aon **Ábhar** eile atá ina sheilbh a thabhairt ar ais don **Soláthraí**. Mura bhfuil sin indéanta nó má dhiúltaíonn an **Soláthraí** an tairiscint, déanfaidh an **Suibscríobhaí** tairiscint an t**Ábhar** a aistriú chuig institiúid idirnáisiúnta a bhfuil comhaontú sínithe aici leis an g**Comhlacht Rialaithe** faoi Airteagal 15 den **Chonradh** nó chuig aon bhanc géinte eile a oibríonn faoi théarmaí agus coinníollacha an **Chórais Iltaobhaigh**. Má dhiúltaítear an tairiscint nó mura féidir aistriú den sórt sin a dhéanamh, mar rogha dheireanach, féadfar an t**Ábhar** a scriosadh, agus ní mór fianaise maidir lena scriosadh a sholáthar don tairbhí tríú páirtí.

4.4 Na forálacha airgeadaíochta maidir le comhroinnt tairbhí in Airteagal 3 de na **Téarmaí Suibscríbhinne** seo, leanfaidh siad d'fheidhm a bheith acu go ceann dhá bhliain ó dheireadh na **Suibscríbhinne**. D'ainneoin a bhfuil thuas, ní leanfaidh ach Airteagail 4, 6.1, 6.2, 6.3, 6.4, 6.9, 6.10 agus 8 den **Chomhaontú seo** d'fheidhm a bheith acu tar éis dheireadh na **Suibscríbhinne**.

4. ***Iarscríbhinn 3***(11)

**FOIRM CHLÁRÚCHÁIN**

(11) Níl feidhm ag an Iarscríbhinn seo ach amháin má roghnaigh an Faighteoir an rogha suibscríbhinne. Más Suibscríobhaí é an Faighteoir cheana féin agus má tá an uimhir Suibscríbhinne curtha in iúl aige in Airteagal 10 thuas, ní bheidh sé de cheangal air an Fhoirm Chlárúcháin a shíniú.

Comhaontaíonn an **Faighteoir** leis seo a bheith faoi cheangal ag na **Téarmaí Suibscríbhinne**. Tuigtear agus aontaítear go sainráite go gcuirfear ainm iomlán, sonraí teagmhála an **Fhaighteora** agus an dáta a tháinig an **tSuibscríbhinn** i bhfeidhm, ar chlár poiblí (an '**Clár**') agus gealltar go gcuirfidh an **Soláthraí** nó a oifigeach údaraithe aon athruithe ar an bhfaisnéis sin in iúl láithreach do **Chomhlacht Rialaithe** an **Chonartha**, trína Rúnaí.

□ (Más rud é gur roghnaíodh na rátaí íocaíochta airgeadaíochta um chomhroinnt sochar faoi Iarscríbhinn 2, Airteagal 3.3, agus sa chás sin amháin): Roghnaím leis seo na rátaí íocaíochta dá bhforáiltear in Iarscríbhinn 2, Airteagal 3.3. Tuigim agus aontaím go sainráite nach mór an fhaisnéis bhreise a shonraítear in Iarscríbhinn 2, Airteagal 3.6 a chur san áireamh i mo ráiteas bliantúil cuntais.

Síniú

Dáta

Ainm iomlán an Fhaighteora:

Seoladh:

Teileafón:

Seoladh Ríomhphoist:

Oifigeach údaraithe an Fhaighteora:

Seoladh:

Teileafón:

Seoladh Ríomhphoist:

NB: Ní mór don **Fhaighteoir** an **Comhaontú seo** a shíniú nó glacadh leis freisin, mar a fhoráiltear in Airteagal 10, nach bhfuil Clárú bailí gan é. Cuirfidh an **Faighteoir** in iúl gur glacadh leis trí **Fhoirm Chlárúcháin** shínithe a chur ar ais chuig an g**Comhlacht Rialaithe**, trína Rúnaí, ag an seoladh thíos. Ní mór cóip den **Chomhaontú seo** a bheith ag gabháil le **Foirm Chlárúcháin** sínithe.

An Rúnaí,

An Conradh Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht

Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe

I-00153 An Róimh, an Iodáil

Ríomhphost: ITPGRFA-Secretary@FAO.org.

5. ***Iarscríbhinn 4***(12)

**TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA NA ROGHA SUIBSCRÍBHINNE (AIRTEAGAIL 6.7 AGUS 6.8)**

1. Tráth a dhéanfar an **Táirge** a **thráchtálú**, íocfaidh an Faighteoir [bb %] de **Dhíolacháin** bliantúla an **Táirge** in aghaidh na bliana, i gcás nach mbeidh an táirge ar fáil gan srian do dhaoine eile le haghaidh taighde agus pórúcháin, don tréimhse a bhfuil an srian bailí ina leith. Nuair a bheidh deireadh tagtha leis an srian, leanfaidh

(12) Níl feidhm ag an Iarscríbhinn seo ach amháin má roghnaigh an Faighteoir an rogha suibscríbhinne

an **Faighteoir** nó aon cheann dá **chleamhnaithe** a dhéanann an **Táirge** a **thráchtálú** d'íocaíochtaí a dhéanamh de réir an ráta dá dtagraítear i Mír 2 thíos.

2. Tráth a dhéanfar an **Táirge** a **thráchtálú**, íocfaidh an **Faighteoir** [aa] % de **Dhíolacháin** bliantúla an **Táirge** ar feadh tréimhse 25 bhliain, i gcás ina mbeidh an táirge **ar fáil gan srian** do dhaoine eile le haghaidh taighde agus pórúcháin, don tréimhse a bhfuil an srian bailí ina leith.

3. I gcás **Táirge** áirithe, ceanglófar ar an bh**Faighteoir** íocaíochtaí a dhéanamh ar feadh tréimhse nach faide ná 25 bliana san iomlán.

4. Tabharfaidh an **Faighteoir** fógra don **Chomhlacht Rialaithe** trína Rúnaí go ndearna sé an **Táirge** a thráchtálú , laistigh de 6 mhí ón dáta ar cuireadh tús leis an tráchtálú.

4bis. Féadfaidh an **Faighteoir** íocaíocht aonuaire a dhéanamh a bheidh coibhéiseach le [zz %] den chaiteachas iomlán ar thaighde agus forbairt a bhaineann le forbairt an **Táirge** ar chur i gcrích na céime taighde tosaigh. Déanfar an íocaíocht sin a asbhaint ó aon íocaíocht a bheidh dlite faoi Airteagail 1 nó 2 thuas. Ciallaíonn cur i gcrích an taighde tosaigh go bhfuil anailísí saotharlainne, staidéir allamuigh, nó aon ghníomhaíocht taighde eile is gá chun fóntas an **Ábhair** nó a chomhpháirteanna a fhaightear ón g**Córas Iltaobhach** a chinneadh déanta agus tugtha chun críche.

5. Ní bheidh aon íocaíocht dlite ón bh**Faighteoir** sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás inar ceannaíodh an **Táirge** nó a fuarthas ar shlí eile é ó dhuine nó ó eintiteas eile a rinne íocaíocht ar an **Táirge** cheana féin;

(b) i gcás ina dhíoltar nó a thrádáiltear an **Táirge** mar earra; nó

(c) i gcás ina bhfuil rannchuidiú géiniteach níos lú ná 6,25 % de réir ghinealach an **Ábhair**, agus nach bhfuil tréith a bhfuil luach tráchtála aici aige, ar tréith í a tháinig as an **Ábhar**.

6. I gcás ina bhfuil **Acmhainn Ghéiniteach Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht** i d**Táirge** a bhfuarthas rochtain uirthi ón g**Córas Iltaobhach** faoi dhá chomhaontú maidir le haistriú ábhar nó níos mó bunaithe ar an gComhaontú Caighdeánach maidir le hAistriú Ábhar, ní cheanglófar ach íocaíocht amháin faoi mhíreanna 1 agus 2 thuas.

7. Cuirfidh an **Faighteoir** tuarascáil bhliantúil faoi bhráid an **Chomhlachta Rialaithe**, laistigh de seasca (60) lá tar éis dhúnadh na gcuntas gach bliain airgeadais, ina leagfar amach an méid seo a leanas:

(a) **Díolacháin** an **Táirge** nó na d**Táirgí** a dhéanann an **Faighteoir**, agus aon cheann dá chleamhnaithe, ar feadh na tréimhse dhá mhí dhéag (12) roimh dhúnadh bliantúil na gcuntas;

(b) méid na híocaíochta atá dlite;

(c) faisnéis lenar féidir an ráta íocaíochta nó na rátaí íocaíochta is infheidhme a shainaithint; agus

(d) foinse infhíoraithe na faisnéise a soláthraíodh.

Pléifear le faisnéis den sórt sin mar fhaisnéis rúnda gnó, mar a shonróidh an **Faighteoir** laistigh de na teorainneacha a leagtar amach sa **Chomhaontú seo**, agus cuirfear ar fáil í do thairbhí tríú páirtí, i gcomhthéacs réiteach díospóidí, mar a fhoráiltear in Airteagal 8 den **Chomhaontú seo**, agus don **Chomhlacht Rialaithe**

chun críoch tuairiscithe comhiomlánaithe ar ioncam chuig an gciste arna bhunú ag an g**Comhlacht Rialaithe** i gcomhréir le hAirteagal 19.3f den Chonradh.

8. Beidh an íocaíocht dlite agus iníoctha nuair a chuirfear isteach gach tuarascáil bhliantúil. Na híocaíochtaí uile atá dlite don **Chomhlacht Rialaithe**, beidh siad iníoctha i ndollair na Stát Aontaithe (USD) ar an ráta malairte a bhí ann ar dháta dúnta na gcuntas don chuntas seo a leanas arna bhunú ag an gComhlacht Rialaithe i gcomhréir le hAirteagal 19.3f den Chonradh:

FAO Trust Fund (USD)

GINC/INT/031/MUL,

IT-PGRFA (Comhroinnt sochair),

Citibank

399 Park Avenue, Nua-Eabhrac, NY, Stáit Aontaithe Mheiriceá, 10022,

SWIFT/BIC: CITIUS33, Cód ABA/Cód an Bhainc: 021000089, Uimh. Cuntais 36352577

9. Féadfaidh **Faighteoir** tarraingt siar as an g**Comhaontú seo** ach fógra 6 mhí a thabhairt i scríbhinn don **Chomhlacht Rialaithe**, trína Rúnaí, tráth nach déanaí ná 10 mbliana ón dáta a shínigh an **Soláthraí** nó an **Faighteoir** an **Comhaontú seo**, cibé acu is déanaí, nó ón dáta a ghlac an **Faighteoir** leis an g**Comhaontú seo**.

10. I gcás ina ndéanfaidh an **Faighteoir Táirge** a **thráchtálú**, a bhfuil íocaíocht dlite ina leith i gcomhréir le hAirteagal 6.7, Airteagal 6.8 agus Iarscríbhinn 4 den **Chomhaontú seo**, leanfaidh le híocaíocht den sórt sin tar éis na tarraingthe siar fad is a bheidh an **Táirge** sin á **thráchtálú** agus i gcomhréir le téarmaí Airteagal 6.7, Airteagal 6.8 agus Iarscríbhinn 4 den **Chomhaontú seo**.

11. Ar tarraingt siar óna **Shuibscríbhinn**, ní úsáidfidh an **Suibscríobhaí** an t**Ábhar** a thuilleadh. Féadfaidh an **Faighteoir** an t**Ábhar** a chaomhnú agus é a chur ar fáil don **Chóras Iltaobhach** i gcomhréir le hAirteagal 6.3. Féadfaidh an **Faighteoir** tairiscint a dhéanamh freisin aon **Ábhar** eile atá ina sheilbh a thabhairt ar ais don **Soláthraí**. Mura bhfuil sin indéanta nó má dhiúltaíonn an **Soláthraí** an tairiscint, déanfaidh an **Faighteoir** tairiscint an t**Ábhar** a aistriú chuig institiúid idirnáisiúnta a bhfuil comhaontú sínithe aici leis an g**Comhlacht Rialaithe** faoi Airteagal 15 den **Chonradh** nó chuig aon bhanc géinte eile a oibríonn faoi théarmaí agus coinníollacha an **Chórais Iltaobhaigh**. Má dhiúltaítear an tairiscint nó mura féidir aistriú den sórt sin a dhéanamh, mar rogha dheireanach, féadfar an t**Ábhar** a scriosadh, agus ní mór fianaise maidir lena scriosadh a sholáthar don tairbhí tríú páirtí.

12. D'ainneoin a bhfuil thuas, ní leanfaidh ach Airteagail 4, 6.1, 6.2, 6.3, 6.4, 6.9, 6.10 agus 8 den **Chomhaontú seo** d'fheidhm a bheith acu nuair a bheidh feidhm leis an tarraingt siar.